



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Iúil 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0211(COD)

10875/21
ADD 7

CLIMA 193
ENV 528
ENER 328
TRANS 477
AGRI 356
COMPET 555
ECOFIN 746
CODEC 1099
IA 138

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Iúil 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2021) 602 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 602 final.

Faoi iamh: SWD(2021) 602 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2021
SWD(2021) 602 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757

{COM(2021) 551 final} - {SEC(2021) 551 final} - {SWD(2021) 557 final} -
{SWD(2021) 601 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin
Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 chun Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais a neartú agus síneadh a chur leis ar aon dul le huaillmhian mhéadaithe aeráide an Aontais le haghaidh 2030
A. An gá atá le beart
Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?
Tá trí chineál faidhbe i gceist. Ar dtús, iad sin a bhaineann leis an ngá le Córas Trádála Astaíochtaí (ETS) an Aontais atá ann cheana féin a neartú ar bhealach atá i gcomhréir leis an sprioc chun glanlaghdú níos mó a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, i gcomparáid le 1990, de 55 % ar a laghad, agus míchothromaíochtaí soláthair/éilimh á seachaint. Ansin, ní rannchuidíonn earnálacha áirithe go leordhóthanach le baint amach na sprice méadaithe. Ar deireadh, mar gheall ar an ngá leis an gCóras Trádála Astaíochtaí reatha a neartú agus méadú féideartha na trádála astaíochtaí go hearnálacha breise, beidh gá le hinfheistíocht níos mó agus inniúlacht níos mó chun dul i ngleic le dáileadh thionchair na mbeart laghdaithe astaíochtaí, fad atá na cistí teoranta i gcónaí.
Cad é ba cheart a bhaint amach?
Is é an cuspóir athbhreithniú a dhéanamh ar an gCóras Trádála Astaíochtaí ar bhealach costéifeachtach agus comhleanúnach i gcomhréir leis an sprioc mhéadaithe ó thaobh na haeráide de, agus an gá le haistriú cóir agus an gá, go rannchuideoidh gach earnáil le hiarrachtaí an Aontais ar son na haeráide, á gcur san áireamh.
Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?
Fadhb thrasteorann é an t-athrú aeráide. Mar mhargadh carbóin, spreagtar laghduithe ar astaíochtaí leis an gCóras Trádála Astaíochtaí, leis na réitigh is costéifeachtaí ar dtús, ar fud na ngníomhaíochtaí agus na dtíortha a chumhdaítear leis, rud lena mbaintear éifeachtúlacht níos mó amach de bhua a scála. Dá gcuirfí beart cosúil leis i bhfeidhm go náisiúnta, bheadh margaí carbóin ilroinnte níos lú ann, agus bheadh baol saobhadh iomaíochta ann dá bharr agus is dócha go mbeadh costais laghdaithe foriomlána níos airde dá thoradh. Tá an loighic chéanna i gceist maidir leis an síneadh ar phraghsáil carbóin chuig earnálacha nua.
B. Réitigh
Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?
Gné lárnach is ea an Córas Trádála Astaíochtaí atá ann cheana a neartú chun a uaillmhian a mhéadú i gcomhréir leis an sprioc ghlan go mbainfear laghdú -55 % amach faoi 2030. Tá difríocht sna roghanna idir an uair a dhéantar an fachtóir laghdaithe línigh a theannadh agus maidir le cibé acu a thosaíonn an teannadh ón gconair reatha teorann nó ó bhonn nua. Ba éifeachtach agus éifeachtúil ceann ar bith de na roghanna chun sprioc 2030 a bhaint amach. Mar sin rogha pholaitiúil fós atá sa rogha idir na roghanna éagsúla chun an Córas Trádála Astaíochtaí a neartú agus na pacáistí gaolmhara lena ngabhann roghanna eile e.g. ar Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. Tá gá le cosaint níos spriocdhírithe ar riosca an sceite carbóin agus dreasacht a thabhairt maidir leis an nuálaíocht ag an am céanna, rud a d'fhéadfaí a bhaint amach le tagarmharcanna neartaithe i gcomhair leithdháileadh saor in aisce. Tá ceithre phríomhrogha i gceist maidir le síneadh a chur leis an gcreat beartais aeráide chuig an muiriompar: comhtháthú sa Chóras

Trádála Astaíochtaí reatha, a d'fhéadfaí a mheascadh freisin le caighdeán déine carbóin, Córas Trádála Astaíochtaí ar leithligh agus tobhach astaíochtaí. Is í an rogha thosaíochta comhtháthú sa Chóras Trádála Astaíochtaí reatha, a d'fhéadfadh, ag brath ar roghanna polaitiúla, astaíochtaí a chumhdach ó aistir laistigh den LEE nó a d'fhéadfadh síneadh níos fearr, chun leath de na hastaíochtaí ó aistir lasmuigh den LEE a chuimsiú. Maidir leis an leathnú féideartha chuig earnálacha eile, is é an Córas Trádála Astaíochtaí ar leithligh le haghaidh foirgneamh agus iompair nó le haghaidh na n-astaíochtaí go léir ó dhóchán breoslaí iontaise an dá phríomhrogha a choimeádtar, a chomhlánaíonn beartais eile an phacáiste Oiriúnach do 55 ('Fit for 55'), a dhíríonn ar thacaíocht teicneolaíochta, bacainní neamhphraghais agus dreasachtaí leanúnacha i gcomhair gníomhaíochtaí náisiúnta lena léirítear dálaí náisiúnta. Is é an príomhthairbhe a bhainfeadh le raon feidhme nach gcumhdaíonn ach foirgnimh agus iompar de bhóthar i gcomparáid le síneadh chuig an dóchán breoslaí iontaise go léir ná an éifeachtúlacht eacnamaíoch, go háirithe mar go seachnófaí leis córas nua a chruthú um chosaint ar sceitheadh carbóin. Is gá tacú le teicneolaíochtaí ísealcharbóin tríd an gCiste Nuálaíochta a mhéadú. Rogha pholaitiúil sa deireadh, áfach, atá sa mhéid roghnaithe agus é nasctha le cinntí faoi uailmhian reatha an Chórais Trádála Astaíochtaí agus leis an geinneadh faoi thrádáil astaíochtaí a shíneadh chuig earnálacha nua. D'fhéadfaí na forálacha dlúthpháirtíochta chun dul i ngleic le dúshlán dáileacháin idir Ballstáit a fhorbairt níos mó, gan dochar do rannchuidiú an Chórais Trádála Astaíochtaí le hacmhainní nua dílse an Aontais. Ba cheart gach táscaire maidir leis na roghanna tosaíochta a mheas mar tháscairí tascacha, gan dochar do choigeartuithe chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phacáiste Oiriúnach do 55 ('Fit for 55') a chaomhnú.

Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

Tacaíonn geallsealbhóirí a d'fhreagair an comhairliúchán poiblí le neartú an Chórais Trádála Astaíochtaí atá ann cheana chun a uailmhian a mhéadú i gcomhréir le sprioc nua 2030. Aontaíonn tromlach mór na bhfreagróirí le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh mar ionstraim agus iad i bhfabhar an creat sceite carbóin a leasú, ach tá meascán tuairimí faoi na roghanna beartais éagsúla. Maidir le síneadh féideartha chuig earnálacha, tá roinnt geallsealbhóirí i bhfabhar an muiriompar a chuimsiú sa Chóras Trádála Astaíochtaí reatha, cé gur fearr le freagróirí, gníomhairí ón earnáil phríobháideach go háirithe, Córas ar leithligh a bhunú, agus é comhlánaithe le beartais eile, le haghaidh foirgneamh agus iompair nó le haghaidh na n-astaíochtaí go léir ó dhóchán breoslaí iontaise. Tá gníomhairí na hearnála príobháidí, ceardchumann agus eagraíochtaí neamhrialtasacha sách amhrasach maidir le comhtháthú sa Chóras Trádála Astaíochtaí reatha, agus tá brateagraíochtaí an Aontais i gcomhair fostóirí agus fostaithe amhrasach faoi thrádáil astaíochtaí a shíneadh go ginearálta, cé gur gnách le saoránaigh agus leis an lucht acadúil a bheith ar a shon. Léirigh tromlach mór na bhfreagróirí tacaíocht do mhéadú ar an gCiste Nuálaíochta.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?

D'áiríteofaí le gach rogha go mbainfí na laghduithe riachtanacha breise amach ar astaíochtaí chun -55 % a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le 1990, agus sin a dhéanamh ar bhealach costéifeachtach agus le níos mó cinnteachta ná mar a bhainfeadh le hionstraimí eile. D'fhéadfaí na hioncaim bhliantúla a úsáid chun na Cistí Nuálaíochta agus Nuachóirithe a mhéadú, infheistíochtaí ísealcharbóin a chothú lena n-áirítear sa tionscal, aghaidh a thabhairt ar an tionchar dáileacháin idir Ballstáit, ar thionchair shóisialta ar theaghlaigh agus cur le hacmhainní dílse an Aontais. Cuireann Córas Trádála Astaíochtaí neartaithe agus leathnaithe le dochar don tsláinte arna sheachaint tríd aerthruailliú laghdaithe de EUR 17.6 billiún go 35.2 billiún in 2030 agus le slándáil fuinnimh fheabhsaithe. Tá tairbhí cainníochtaithe don fhás agus do

phoist ag gabháil leis an Measúnú Tionchair le haghaidh na Teachtaireachta maidir le hUaillmhian Aeráide 2030 na hEorpa a Ghéarú (Measúnú Tionchair 2030) ¹
Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?
Ó thaobh na bpraghsanna carbóin réamh-mheasta le haghaidh 2030 tá siad idir EUR 50, ag glacadh le beartais láidre chomhlántacha faoin gComhaontú Glas chomh maith le riachtanais dícharbónaithe na todhchaí a réamh-mheas go hiomlán, agus EUR 85 le beartais chomhlántacha nach bhfuil chomh láidir. Méadaíonn siad meánphraghsanna breosla le haghaidh an tionscail, an iompair agus le haghaidh teaghlach, le méaduithe coibhneasta níos láidre le haghaidh foirgneamh ná mar atá le haghaidh an iompair agus an tionscail. Dá réadófaí infheistíochtaí costéifeachtacha chun -55 % a bhaint amach, ní mhéadódh an sciar de speansais bhreosla le haghaidh foirgneamh i gcaiteachais teaghlaigh agus d'fhéadfadh sé go laghdódh sé faoi níos mó ná 0.1 phointe céatadán le haghaidh teaghlach ar ioncam íseal. D'fhéadfadh sé, áfach, go dtarlódh méadú faoi dhó ar chostais chaipitil bhliantúla chostéifeachtacha i dteaghlaigh ar ioncam íseal agus go méadódh siad faoi suas le 1.4 phointe céatadán de chaiteachas ar thomhaltas. Tagann ceist na hinacmhainneachta chun cinn i gcás teaghlach leochaileach. Léiríodh leis an anailís sa Mheasúnú Tionchair le haghaidh an Phlean um Sprioc Aeráide 2030 go bhféadfadh bearta dáileacháin é sin a chúiteamh. Freisin rinneadh cainníochtú san anailís ar ghníomhaíocht dhiúltach earnála agus ar an tionchar ar fhostaíocht go háirithe maidir le heastóscadh breoslaí iontaise agus méid áirithe i roinnt tionscal ina n-úsáidtear go leor breoslaí iontaise.
Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?
Maolaítear tionchair iomaíochais le haghaidh an tionscail le leithdháileadh saor in aisce níos spriocdhírithe. I gcás fhoirmhór na roghanna tá teorainn leis an ngá atá leis an bhFachtóir Ceartúcháin Trasearnála a chur i bhfeidhm chun leithdháileadh saor in aisce a laghdú le haghaidh gach tairbhí. Is féidir astairí beaga, a thagann fós faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí (cé nach gá gur FBManna iad) a dhíolmhú fós ón gCóras Trádála Astaíochtaí reatha má dhéanann Ballstáit faoi seach bearta coibhéiseacha. Leis an síneadh a bheartaítear ar an réimse muirí, cuirfí leis na sásraí faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe atá ann cheana lena ndíolmhaítear longa beaga. Bheadh feidhm réamhtheachtach ag an gCóras nua le haghaidh earnálacha eile, agus thógfaí ar fhorálacha atá ann cheana lena rialaítear stórais chánach nó soláthróirí breosla. Costais mheasartha a bheadh i gceist leis na costais riaracháin bhreise le haghaidh gáis agus ola. I gcás guail, nach n-úsáidtear ach i gcúpla Ballstát le haghaidh téimh, bheadh na costais riaracháin níos airde, mar gur minic nach mbíonn sé chomh rialaithe agus bíonn go leor soláthróirí beaga ann.
An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?
Faoin gCóras Trádála Astaíochtaí reatha, fabhraítear formhór an ioncaim ceantála chuig na Ballstáit. D'fhéadfadh tionchair dhearfacha shuntasacha a bheith aige sin ar bhuiséid náisiúnta más rud é go mbeidh an Córas Trádála Astaíochtaí nua ann le haghaidh iompar de bhóthar agus foirgneamh. Bíonn an tionchar díreach ar bhuiséid náisiúnta ag brath freisin ar a mhéid a dhíreofar ioncaim bhreise ar acmhainní dílse an Aontais. Ní ghabhann aon tionchar riaracháin bhreise ar riaracháin náisiúnta leis an gCóras Trádála Astaíochtaí reatha. D'fhéadfaí teorainn a chur leis na tionchair a bhaineann le síneadh/le Córas Trádála Astaíochtaí nua trí na bonneagair riaracháin chéanna a úsáid.

¹ SWD(2020)176

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?
Ag brath ar a raon feidhme geografach, dá gcuirfí síneadh le beartais aeráide an Aontais chuig an muiriompar, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar aige sin ar thríú tíortha agus ar shreafaí trádála agus infheistíochta.
Comhréireacht?
Tá gach príomhrogha beartais comhréireach leis an méid is gá chun an cuspóir laghdaithe astaíochtaí de - 55 % ar a laghad a bhaint amach. Déanann siad amhlaidh leis na roghanna sin ar bhealach atá chomh costéifeachtúil agus is féidir.
D. Iarobair
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Faoi mar atá an cás faoi láthair, d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta sa reachtaíocht. Tá sé ailínithe leis an athbhreithniú ar reachtaíocht eile amhail sa togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill agus na caighdeáin CO ₂ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna.